

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Cá bhfuil ár dtriall? Nach í sin an cheist is mó a bhíonn againn go léir. Braithimid uaireanta go bhfuil cúrsaí níos measa nó níos casta inár ré féin ná mar a bhí siad in aoiseanna eile. Ach aon uair go bhféachaimid siar, bímis ag diríú ar fiche nó daichead bliain ó shin nó ar chuíg céad nó mhíle bliain ó shin, is léir tar éis tamaillín nach raibh aon rud éasca ná simplí riamh. Cá raibh a dtriallsan? Ní bhíonn aon fhreagairt ann, ach amháin “ar aghaidh.”


Sílim gur maith liomsa ficsean agus fiú beathaisnéisi a léamh, mar bím ábalta éalú ó mo chuid dúshlán féin agus smaoineamh ar an dóigh a d'éirigh (no a theip ar) dhaoine eile déileáil lena gcuid dúshlán féin. Bíonn seans ann i gcónaí go mbeadh leid ann dom féin. Fiú sa stair, is minic a bhíonn spreagadh is múnlann ann dúinn. Bíonn ceangal againn le sruth na staire, lenár dtraidisiún agus ár gcultúr, agus minic go leor tugann sin treoir dúinn. Sin mar a thuairiscíonn Séamus na Gaeilge ina alt san eagrán seo. Chuala sé gairm, agus rinne sé beart.

An bailiúchán scéalta a bhíonn á fhoilsíú againn san iris seo le tamall anuas, is é an teidil a thugann Muiris air ná “Ceachtanna.” Baineann gach ceann acu le ceacht éigin a d'fhoghlaim sé i rith a shaoil. Ní bhíonn sé ag brú tuairime orainn, ach roinneann sé a thuisceint ar an saol linn, agus seans go bhfaighimid go léir thuisceint níos fearr ar an saol astu. Ábhar machnaimh, pé scéal. Le chéile, míntear iontu conas a díriodh é féin ar aghaidh, is conas a roghnaíodh a chosán féin.

Maidir leis an bhfilíocht, déarfainn go scriobhtar filíocht, de ghnáth, chun smaointe a shaothrú, chun cúrsaí a chur trí chéile agus chun treo a roghnú. Roinneann an file próiseas a smaointe maraon le toisí eile sa bhreis ar an aon treo amháin ina chuid smaointe. Bíonn cursa níos casta le taisteal, minic go leor. Treabhamis ar aghaidh i dtéannta leis an bhfile Máire Wren san eagrán seo. Is iad na rudai gur mór againn iad, agus an duine atá ionann mar gheall orthu, a chuireann ar bhealach ár leasa sinn.

Bíonn sé suimiúil síul a chaithreamh siar i gcónaí, dar ndóigh, ionas go mbeimis ábalta féachaint cá

rabhamar cheana, cad a rinneadh sular cheapamar ar aon chúrsa dá gcuid féin. Minic go leor, tá na rianta caillte againn - ní deacair a bhaint amach, ar a laghad. Bíonn Réamonn Ó Cléirigh agus Gearóid Ó Ceallaigh ar a dtóir, agus toradh ar a gcuid iarrachtaí, cinnte. Conas a bhíodh an saol sula ndearnamar é mar atá sé? Uaireanta, bíonn feabhas ann!



Tá cursaí  
ceoil idir filíocht  
is stair, agus scéalta is  
smaointe go leor ag baint leis.  
Insíonn Lugh DePaor scéal  
suimiúil eile dúinn san eagrán  
seo. Agus nach mbíonn scéalta  
sna hamhráin féin? Agus filíocht sa  
cheol féin? Toisí eile, fiú, le cur lenár gcuid  
smaointe.

Bímid ag taisteal. Ach ní leagfar cos gach duine ar an uile áit ar domhain. Ní mór dúinn ár roghanna féin a dhéanamh. Buiochas le Dia,

bíonn siúlach scéalach, agus bíonn ábhar againn ó thíortha ar fud an domhain (Panu san Fhionlainn, mar shampla), agus ó cheann ceann na tíre in Éirinn (agus i Meiriceá). Tá níos mó (triúr) ag scriobh i gcanúint Uladh an uair seo ná a bhí againn go fóill. Ag dul chun ceann eile na tíre? Ar aon nós, cé go mbíonn gach duine ar a chosán féin, ní bhímid scartha i bhfad óna chéile, agus táimid go léir ag dul sa treo céanna.

Tarlaíonn gach aon bhomaite ceann i ndiaidh a chéile. Sin an t-am. Bíonn ord ann. Uaireanta bíonn an athuair ann. Ní hionann riamh an rud céanna, i ngach aon ghné, mar ní hionann an nóiméad, ná sinne, fiú, má tá gnéithe ann de mar a bhí cheana. *Alright, táim ag iarraidh leithscéal*

a dhéanamh go bhfuilim ag briseadh na rialacha san eagrán seo. Tá roinnt Béarla in alt Réamoinn. Foilsíodh túis úrscéal Phanu ar an idirlíon, agus luaitear tuairimí conspóideacha ann, fiú. Agus fuair an dán *Lúb ar Lár* le Máire Wren duais Uí Néill in 2011, agus níl sé glan-úr-nua ach oiread mar sin. Cúrsa difriúil ag *An Gael?* Ní dóigh liom. Níl na léitheoirí ceannann céanna anseo, ná an teacht le chéile smaointe céanna mar atá in áit ar bith eile. Agus níl eagla orainn roimh an mBéarla. Tá sé úsáideach ó am go chéile. Tá aistriúchán de dhán cáiliúil as an mBéarla san eagrán seo, fiú. Cá bhfuil ár dtriall? Ar aghaidh. Agus leis an eagrán nua seo, dul chun cinn eile déanta againn, cinnte. Bain sult as, a léitheoir dhil!



### Moltaí dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsíúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhasláí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spraíúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go míntear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlíon.
- Bíonn an cóipcheart ag an údar i gcónaí, mar is iondúil.